Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2021 (OR. en)**

**12931/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0316(COD)**

**FIN 793**
**SOC 587**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12656/21 (COM(2021) 618 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn (EGF/2021/001 ES/País Vasco metal) |

1. An 7 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2021 ag gabháil leis[1].

2. Is é is aidhm don togra suim EUR 1 214 607 a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón Spáinn chun an Ciste a imscaradh i ndáil le hiomarcaíochtaí i sé fhiontar i réigiún NUTS 2 de País Vasco, chun cúnamh a chur ar fáil chun na 491 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/691[2]. Is toradh iad na hiomarcaíochtaí ar an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda a d'eascair as paindéim COVID-19.

[1] 12657/21.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Deireadh Fómhair 2021 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 12932/21 é, a fhormheas.